**FÓGRA COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ – AN CLÁR TRÉDHEARCACHTA**[1]

Rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta

**Gníomhaíocht phróiseála:** *An Clár Trédhearcachta*

**Rialaitheoirí comhpháirteacha:** *An Coimisiún Eorpach, an Ard-Rúnaíocht, Stiúrthóireacht C – Trédhearcacht, Éifeachtúlacht agus Acmhainní, Aonad SG.C.1 – Trédhearcacht, Bainistiú Doiciméad agus Rochtain ar Dhoiciméid*

*Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht na hUachtaránachta, an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Idirinstitiúideacha agus um Chomhordú Reachtach, an tAonad Trédhearcachta*

*Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Ardrúnaíocht, Aonad COMM.2.C – Seirbhísí Faisnéise*

**Tagairt taifid:** *DPR-EC-00069 i gcás an Choimisiúin Eorpaigh*

*Uimh. 472 i gcás Pharlaimint na hEorpa*

*384R00 thar ceann Chomhairle an Aontais Eorpaigh*

**Clár na n-ábhar**

**1. Réamhrá**

**2. Cén fáth agus cén dóigh a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**

**3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**

**4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**

---

[1] Sa ráiteas príobháideachais comhpháirteach seo tugtar eolas faoin dóigh a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**

6. **Cén dóigh a gcosnaímid do shonraí pearsanta?**

7. **Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**

8. **Cad iad na cearta atá agat agus cén dóigh a bhfeidhmítear iad?**

9. **Sonraí teagmhála**

10. **Cá háit a bhfuil eolas mionsonraithe le fáil?**

## 1. Réamhrá

Tá Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach ('na hinstitiúidí') tiomanta do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Bailíonn institiúidí an Aontais sonraí pearsanta agus déanann siad tuilleadh próiseála orthu de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

San fhógra comhpháirteach seo um chosaint sonraí, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta, an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála na rialaitheoirí comhpháirteacha lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála na nOifigeach Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Déanann na hinstitiúidí an Clár Trédhearcachta a oibriú go comhpháirteach, clár a bunaíodh le Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021[3] ('an Comhaontú Idirinstitiúideach').

Déanann an Rúnaíocht, comhstruchtúr oibríochtúil ina bhfuil cinn aonaid, nó a coibhéis, atá freagrach as saincheisteanna trédhearcachta i ngach ceann de na hinstitiúidí agus a mbaill foirne faoi seach, bainistiú ar fheidhmiú an Chláir Trédhearcachta. Déanann Bord Bainistíochta, ar a bhfuil Ard-Rúnaithe na n-institiúidí, maoirseacht ar chur chun feidhme foriomlán an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh.

Próiseálann Rúnaíocht agus Bord Bainistíochta an Chláir Trédhearcachta sonraí pearsanta de réir bhrí phointe (3) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhlíonadh na gcúraimí faoi seach a shanntar dóibh faoin gComhaontú Idirinstitiúideach.

Tá Comhaontú maidir le Rialú Comhpháirteach an 24 Márta 2022 sínithe ag na hinstitiúidí, comhaontú ina leagtar amach leithdháileadh na ról, na bhfreagrachtaí agus na socruithe praiticiúla faoi seach eatarthu chun a n-oibleagáidí cosanta sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh mar rialaitheoirí comhpháirteacha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta atá

---

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

3 Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach, IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.

bainteach le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta. Is éard atá sa chomhaontú sin socrú idir na hinstitiúidí mar rialaitheoirí comhpháirteacha (‘na Rialaitheoirí Comhpháirteacha’) de réir bhrí Airteagal 28(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725. San fhógra comhpháirteach seo maidir le cosaint sonraí, tugtar faisnéis faoi ghnéithe riachtanacha an tsocraithe sin.

## 2. Cén fáth agus cén dóigh a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Déanann na Rialaitheoirí Comhpháirteacha do shonraí pearsanta a phróiseáil a mhéid is gá chun go bhfeidhmeoidh an Clár Trédhearcachta i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

Cumhdaítear na hoibríochtaí próiseála seo a leanas leis an ngníomhaíocht chomhphróiseála:

- bailiú, stóráil, comhairliúchán agus athbhreithniú na sonraí pearsanta arna soláthar ag na hiarratasóirí agus ag na cláraithe ina gclárú (nó ina n-iarratas ar chlárú) i gcóras inmheánach bainistíochta inneachair an Chláir Trédhearcachta;
- na sonraí pearsanta arna soláthar ag na hiarratasóirí agus ag na cláraithe tríd an gcóras TF tacaíochta a fhoilsiú ar an gClár Trédhearcachta;
- na sonraí pearsanta (ainmneach daoine) arna soláthar ag Aonad um Chreidiúnú Pharlaimint na hEorpa a fhoilsiú ar an gClár Trédhearcachta;
- bailiú, taifeadadh agus stóráil na sonraí pearsanta a sholáthraítear tríd an bhfoirm inar féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaíocht nó chun gearán a thaisceadh atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Trédhearcachta, lena n-áirítear sonraí pearsanta a d’fhéadfadh a bheith san áireamh in inneachar gearáin;
- sonraí pearsanta a úsáid chun críocha cumarsáide le hiarratasóirí agus cláraithe maidir lena gclárú (nó ina n-iarratas ar chlárú), amhail dintiúir a sheoladh, meabhrúcháin, freagra a thabhairt ar cheisteanna nó iarrataí ar shoiléiriú nó faoi chuimsiú seiceálacha incháilitheachta agus cáilíochta;
- úsáid sonraí pearsanta i gcomhthéacs gearáin a láimhseáil, imscrúduithe a dhéanamh, bearta a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh orthu;
- sonraí pearsanta fhoireann na Rúnaíochta a bhailiú chun cúraimí a bhaineann le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta a leithdháileadh agus a bhainistiú, go háirithe míreanna comhfhreagrais, seiceálacha cáilíochta agus láimhseáil gearán;
- easpórtáil sonraí staidrimh (i bhformáidí Excel, PDF agus Xml).

<u>Ní</u> chumhdaítear leis an ngníomhaíocht phróiseála chomhpháirteach próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí próiseála seo a leanas, a bhfeidhmíonn Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún nó an Chomhairle mar rialaitheoirí aonair ina leith:

- rochtain fhadtéarmach a thabhairt d’ionadaithe sainleasa ar áitribh Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear iarrataí ar chreidiúnú a láimhseáil[4]; ní bhailíonn na Rialaitheoirí Comhpháirteacha faisnéis phearsanta daoine aonair a dhéanann iarratas ar chreidiúnú den sórt sin tríd an gClár Trédhearcachta;
- suaitheantais ainmneacha a thabhairt d’ionadaithe leasa le haghaidh rochtain shealadach ar áitribh na Comhairle[5];

---

4 Is í Parlaimint na hEorpa (Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht, Aonad Creidiúnúcháin) amháin atá ina rialaitheoir ar an bpróiseáil sin, mar a shonraítear sa taifead leis an uimhir thagartha 435 de Chreidiúnú Chlárlann Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa – Pasanna agus údaruithe lena dtugtar rochtain ar áitribh Pharlaimint na hEorpa (Accréditation – Titres et autorisations d’accès au Parlement européen).

5 Is í an Chomhairle (Stiúrthóireacht um Shábháilteacht agus Slándáil, um Chreidiúnú agus um Bainistíocht Rochtana) amháin atá ina rialaitheoir ar an bpróiseáil sin, mar a shonraítear sa taifead leis an uimhir thagartha

- faisnéis a fhoilsiú faoi chruinnithe arna dtionól ag Comhaltaí an Choimisiúin, ag comhaltaí na gComh-Aireachtaí agus ag Ard-Stiúrthóirí an Choimisiúin a bhfuil ionadaithe leasmhara cláraithe acu[6];
- foilsiú ainmneacha na ndaoine aonair a ceapadh mar 'Comhaltaí de chineál B' do ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin[7];
- foilsiú na bhfreagraí ó iarratasóirí agus ó chláraithe ar chomhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin[8];
- sonraí staidrimh a easpórtáil lena bhfoilsiú ar Thairseach Sonraí Oscailte an Aontais;
- liostaí seoltaí síntiús a bhainistiú chun críocha fógraí uathoibríocha faoi ghníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle nó an Choimisiúin nach mbaineann leis an gClár Trédhearcachta[9].

Ní úsáidtear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh.

## 3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Próiseálaimid do shonraí pearsanta toisc gur gá an phróiseáil sin a dhéanamh:

- chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail/i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe sna Rialaitheoirí Comhpháirteacha, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;

---

134R01 de chlár oibríochtaí próiseála Ardrúnaíocht na Comhairle (Système de contrôle d'accès aux bâtiments du Conseil / System for control access to Council buildings).

6 Is é an Coimisiún amháin atá ina rialaitheoirí ar an bpróiseáil sin. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a ndéanann an Coimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil agus cruinnithe le hionadaithe leasa cláraithe a fhoilsiú, féach leat an taifead le huimhir thagartha DPR-EC-02047 – 'Foilsiú (i) cruinnithe le hionadaithe leasmhara arna dtionól ag Coimisinéirí, ag comhaltaí a gComh-Aireachta agus ag Ard-Stiúrthóirí, agus (ii) forbhreathnú ar speansais mhisin in aghaidh an Choimisinéara' ar Chlár Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin.

7 Is é an Coimisiún amháin atá ina rialaitheoir ar an bpróiseáil sin, mar a shonraítear sa taifead le huimhir thagartha DPR-EC-00656.1 – 'Clár poiblí de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis chomhchosúla eile a chur ar fáil' de Chlár Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin. Níl sonraí pearsanta san fhaisnéis a fhoilsítear sa Chlár Trédhearcachta; ní áirítear ann ach tagairt do chlár poiblí ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin i gcás ina bhfoilsítear sonraí pearsanta ábhartha.

8 Is é an Coimisiún amháin atá ina rialaitheoir ar an bpróiseáil sin, mar a shonraítear sa taifead le huimhir thagartha DPR-EC-00596– 'Meicníochtaí aiseolais an Choimisiúin lenar féidir le saoránaigh an Aontais aiseolas a thabhairt maidir le treochláir, measúnuithe tionchair tosaigh, gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme agus tograí reachtacha agus lenar féidir leo freagairt do chomhairliúcháin phoiblí' de Chlár Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin. Níl sonraí pearsanta san fhaisnéis a fhoilsítear sa Chlár Trédhearcachta; ní áirítear ann ach tagairt don iarratas a fhoilsítear ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr, a bhféadfadh sonraí pearsanta an fhreagróra a bheith inti.

9 Tá gné sa Chlár Trédhearcachta a chuireann ar chumas na gcláraithe rogha a dhéanamh fógraí uathoibríocha a fháil maidir le gníomhaíochtaí na n-institiúidí, nach mbaineann leis an gClár Trédhearcachta féin, chun críocha faisnéise agus ardaithe feasachta i réimsí de bheartais agus de ghníomhaíocht an Aontais. Ainm iomlán agus seoladh ríomhphoist an duine a liostálann don síntiús, sin iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun na críche sin. Féadfaidh cláraí a roghnú liostáil le fógraí den sórt sin dá rogha féin; dá bhrí sin, is é an bunús dlí don phróiseáil sin toiliú an duine aonair a liostálann i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2018/1725. Tá an ceart ag an ábhar sonraí an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sular tarraingíodh siar é. Tá tuilleadh eolais ar chearta na ndaoine is ábhar sonraí le fáil faoi Cheannteideal 8 den fhógra comhpháirteach seo maidir le cosaint sonraí. Faisnéis faoi phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs bhainistiú na síntiús chun faisnéis a fháil, foilsíonn an Coimisiún, go háirithe, faisnéis faoin bpróiseáil sin sa taifead le huimhir thagartha DPR-EC-03928 – 'Síntiúis a bhainistiú chun faisnéis a fháil' de Chlár Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin.

- chun oibleagáid dhlíthiúil nó oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh a bhfuil na Rialaitheoirí Comhpháirteacha faoina réir, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is é an Comhaontú Idirinstitiúideach, comhaontú arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 295 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, bunús dlí na próiseála sin.

In imthosca teoranta, féadfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil bunaithe ar do thoiliú, i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2018/1725. Féach faoi Cheannteideal 7 thíos.

## 4. **Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid**?

Is leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta a bhaineann an phróiseáil chomhpháirteach:

(a) ainm an iarratasóra nó an chláraithe, i gcás inar duine nádúrtha é an t-iarratasóir nó an cláraí (duine aonair féinfhostaithe);

(b) ainm, post agus seoladh ríomhphoist an duine atá freagrach go dlíthiúil agus ainm, post agus seoladh ríomhphoist an duine atá i gceannas ar an gcaidreamh leis an Aontas thar ceann an iarratasóra nó an chláraí;

(c) ainm, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin na ndaoine teagmhála arna n-ainmniú ag an eintiteas (iarratasóir nó cláraí);

(d) ainmneacha na ndaoine nádúrtha a bhfuil rochtain ar áitribh Pharlaimint na hEorpa údaraithe dóibh;

(e) ainm ranníocóra nó ranníocóirí le buiséad an chláraithe nach ionadaithe leasanna tráchtála é nó iad, i gcás inar duine nádúrtha an ranníocóir;

(f) ainm agus seoladh ríomhphoist daoine nádúrtha a dhéanann gearán leis an Rúnaíocht i gcáil phearsanta nó thar ceann duine dhlítheanaigh, agus aon ainm nó ainmneacha nó sonraí pearsanta eile a d'fhéadfadh a bheith i gcorp an ghearáin;

(g) ainm, seoladh ríomhphoist, cáil phearsanta/ghairmiúil agus tír na ndaoine nádúrtha a dhéanann teagmháil leis an Rúnaíocht tríd an bhfoirm ar líne 'Déan teagmháil linn' chomh maith le hábhar na teachtaireachta atá san fhoirm sin;

(h) ainm agus aitheantóirí ar líne (faisnéis logáil isteach) fhoireann na Rúnaíochta, arna bpróiseáil go hinmheánach i gcóras inmheánach bainistithe inneachair an Chláir Trédhearcachta (IT-ADMIN) chun críche cúraimí a bhaineann le feidhmiú an Chláir Trédhearcachta a leithdháileadh agus a bhainistiú, go háirithe míreanna comhfhreagrais, seiceálacha cáilíochta agus láimhseáil gearán.

## 5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**

Coinníonn na Rialaitheoirí Comhpháirteacha do shonraí pearsanta ar feadh tréimhse cúig bliana mar seo a leanas:

- maidir le sonraí an chláraithe a iontráladh sa Chlár Trédhearcachta, ón nuashonrú is déanaí ar an gclárú;

- maidir le sonraí pearsanta atá mar chuid de chomhaid riaracháin, ón tráth a ndúnfar an nós imeachta, an fiosrúchán nó an comhad ábhartha, ach amháin má tá sé riachtanach na sonraí sin a choinneáil i gcás imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach;
- maidir le sonraí pearsanta bhaill foirne na n-institiúidí i gcóras inmheánach bainistithe inneachair an Chláir Trédhearcachta (córas TF), amhail ón ngníomhaíocht dheireanach a rinne ball foirne sa chóras TF, gan dochar do na sonraí a bheith á gcoimeád sa chóras san fhadtéarma chun gur féidir gníomhaíochtaí comhlíontachta a rianú agus a iniúchadh (seiceálacha cáilíochta, gearáin agus imscrúduithe a láimhseáil) faoi réir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla.

## 6. Cén dóigh a gcosnaímid do shonraí pearsanta?

Cuireann na Rialaitheoirí Comhpháirteacha bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun leibhéal cuí cosanta agus slándála do shonraí pearsanta a chinntiú. Áirítear ar na bearta sin cinntí agus gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála TF a bhaineann leis an gClár Trédhearcachta, lena n-áirítear bearta rochtana agus fíordheimhnithe úsáideoirí, agus rúndacht na cumarsáide leictreonaí.

Is é an Coimisiún a oibríonn an córas teicneolaíochta faisnéise (TF) a thacaíonn leis an gClár Trédhearcachta. Déanann an Coimisiún bearta chun slándáil, sláine agus rúndacht na sonraí pearsanta a phróiseáiltear san uirlis TF a chinntiú agus a chosaint, i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún (AE, Euratom) 2017/46 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún[10].

## 7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?

Cuirtear na sonraí pearsanta seo a leanas ar fáil go poiblí ar an gClár Trédhearcachta i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach:

- ainm an chláraithe, i gcás inar duine nádúrtha é an cláraí (duine aonair féinfhostaithe);
- ainm an duine atá freagrach go dlíthiúil as an eintiteas cláraithe agus ainm an duine atá i gceannas ar an gcaidreamh leis an Aontas;
- ainmneacha na ndaoine nádúrtha a bhfuil rochtain ar áitribh Pharlaimint na hEorpa údaraithe dóibh;
- ainm ranníocóra nó ranníocóirí le buiséad an chláraithe nach ionadaithe leasanna tráchtála é nó iad, i gcás inar duine nádúrtha an ranníocóir.

Is iad na cláraithe féin a sholáthraíonn na sonraí pearsanta thuas sa Chlár Trédhearcachta[11].

I gcomhthéacs na ngearán, déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

- measúnú ar nochtadh don chláraí/do na cláraithe lena mbaineann aon sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a chur i gcorp an ghearáin, i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) 2018/1725;

---

[10] Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras faisnéise sa Choimisiún Eorpach, IO L 6 11.1.2017, lch 40.

[11] Cé is moite de shonraí creidiúnaithe Pharlaimint na hEorpa, ar sonraí iad a chuireann seirbhís creidiúnaithe Pharlaimint na hEorpa ar fáil.

- ní nochtfaidh sé ainm an duine nádúrtha a dhéanann gearán leis an Rúnaíocht i gcáil phearsanta nó thar ceann duine dhlítheanaigh don chláraí nó do na cláraithe lena mbaineann nó d'aon tríú páirtí, mura rud é gur thoiligh an duine nádúrtha sin a chéannacht nó a céannacht a nochtadh.

Gan dochar do shonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil go poiblí ar an gClár Trédhearcachta mar a shonraítear san fhógra comhpháirteach seo maidir le cosaint sonraí, tá an méid seo a leanas i bhfeidhm maidir le sonraí pearsanta a bhfuil próiseáil á déanamh orthu:

- is ag baill foirne údaraithe na Rialaitheoirí Comhpháirteacha, agus acusan amháin, a bhfuil rochtain acu ar na sonraí sin, faoi réir fíordheimhniú iomchuí (aitheantas/pasfhocal);
- ní phróiseáiltear iad ach amháin laistigh de chríoch an Aontais;
- ní aistreofar iad chuig faighteoirí i dtríú tíortha ná chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, mura n-éilítear a mhalairt leis an dlí;
- ní nochtar iad trína dtarchur chuig faighteoirí san Aontas, mura n-éilítear sin leis an dlí. De bhun phointe (13) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, ní mheasfar gur faighteoirí iad údaráis phoiblí a d'fhéadfadh sonraí pearsanta a fháil faoi chuimsiú fiosrúchán ar leith i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí an Bhallstáit[12].

## 8. Cad iad na cearta atá agat agus cén dóigh a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe:

- an ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus dearbhú a fháil maidir le sonraí pearsanta a bhaineann leat a bheith á bpróiseáil nó gan bheith á bpróiseáil;
- an ceart do shonraí pearsanta a cheartú nuair atá siad míchruinn nó neamhiomlán;
- an ceart a éileamh go scriosfaí do shonraí pearsanta ar cheann de na forais shonracha dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;
- an ceart chun próiseáil do shonraí pearsanta a shrianadh sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;
- an ceart chun agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann le do chás féin, i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta; agus
- an ceart chun iniomparthacht sonraí.

Sa mhéid go mbíonn próiseáil do chuid sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú, is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith ach fógra a thabhairt do na Rialaitheoirí Comhpháirteacha. Ní dhéanfaidh tarraingt siar den chineál sin difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Tá an Rúnaíocht ainmnithe ag na Rialaitheoirí Comhpháirteacha mar phointe teagmhála do na daoine is ábhar do na sonraí. Dá bhrí sin, is féidir leat do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an Rúnaíocht trí na sonraí teagmhála atá tugtha faoi Cheannteideal 9 thíos a úsáid.

Is féidir leat freisin do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh le ceann amháin nó le gach ceann de na Rialaitheoirí Comhpháirteacha, nó lena n-oifigigh cosanta sonraí. Is féidir leat dul i

[12] Féadfar na sonraí pearsanta a úsáid i nósanna imeachta os comhair chúirteanna an Aontais nó cúirteanna náisiúnta, Chúirt Iniúchóirí na hEorpa nó an Ombudsman Eorpaigh, mar a fhoráiltear le dlí.

dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

Tabharfar eolas duit faoi aon iarratas ar do chearta thuasluaite a fheidhmiú laistigh d'aon mhí amháin tar éis d'iarratas a bheith faighte. Féadfar síneadh dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin nuair is gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh.

## 9. Sonraí teagmhála

- **Rialaitheoirí Comhpháirteacha**

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi phróiseáil do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rúnaíocht ag:

SG-TRANSPARENCY-REGISTER@ec.europa.eu

Seo a leanas sonraí teagmhála na Rialaitheoirí Comhpháirteacha:

An Coimisiún Eorpach, Ard-Rúnaíocht, Aonad C.1 — Trédhearcacht, Bainistiú Doiciméad agus Rochtain ar Dhoiciméid SG-TRANSPARENCY-REGISTER@ec.europa.eu

Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht na hUachtaránachta, an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Idirinstitiúideacha agus um Chomhordú Reachtach, an tAonad Trédhearcachta:
TRANSPARENCY-REGISTER-CONTACT@europarl.europa.eu

Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Ardrúnaíocht, Aonad COMM.2.C, Seirbhísí Faisnéise: GSC-TRANSPARENCY-REGISTER@consilium.europa.eu

- **Oifigigh Cosanta Sonraí na Rialaitheoirí Comhpháirteacha:**

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le ceann ar bith d'Oifigigh Cosanta Sonraí na Rialaitheoirí Comhpháirteacha maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725:

Parlaimint na hEorpa:
Data-Protection@europarl.europa.eu

Comhairle an Aontais Eorpaigh:
Data.Protection@consilium.europa.eu

An Coimisiún Eorpach:
DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) trí edps@edps.europa.eu má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag ceann ar bith de na Rialaitheoirí Comhpháirteacha.

## 10. Cá háit a bhfuil eolas mionsonraithe le fáil?

Foilsíonn Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin an clár de gach taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála sa Choimisiún. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Cuireadh an ghníomhaíocht phróiseála shonrach sin i gclár poiblí Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: *DPR-EC-00069*.

Clár Cosanta Sonraí na dTaifead maidir le hoibríochtaí próiseála sonraí i bParlaimint na hEorpa, bailíonn sé sin taifid ar phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Pharlaimint. https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do

Cuireadh an oibríocht phróiseála shonrach sin le Clár Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: *Uimh. 472*.

Foilsíonn Oifigeach Cosanta Sonraí Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh clár gach taifid de ghníomhaíochtaí próiseála sa Chomhairle. Tá sé ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.consilium.europa.eu/ga/general-secretariat/corporate-policies/data-protection/search/

Áirítear an taifead ábhartha ar ghníomhaíocht phróiseála i gClár Cosanta Sonraí na Comhairle leis an tagairt seo a leanas: *384R00*.